Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2020
(OR. en)

13247/20

SOC 745

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 12847/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "*Combating child poverty - Better targeting of Commission support required*" [Bochtaineacht leanaí a chomhrac – Gá le tacaíocht ón gCoimisiún a spriocdhíriú níos fearr] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "*Combating child poverty - Better targeting of Commission support required*" [Bochtaineacht leanaí a chomhrac – Gá le tacaíocht ón gCoimisiún a spriocdhíriú níos fearr], a formheasadh trí nós imeachta i scríbhinn an 23 Samhain 2020.

**Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *Combating child poverty – Better targeting of Commission support required* [Bochtaineacht leanaí a chomhrac – Gá le tacaíocht ón gCoimisiún a spriocdhíriú níos fearr]**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. TAR ÉIS DI an Tuarascáil Speisialta fhaisnéiseach ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dar teideal *Combating child poverty – Better targeting of Commission support required* [Bochtaineacht leanaí a chomhrac – Gá le tacaíocht ón gCoimisiún a spriocdhíriú níos fearr] A FHÁIL[1];

2. Á AITHINT DI gur saincheist thromchúiseach phráinneach fós é bochtaineacht leanaí a chomhrac, leis na sonraí is déanaí ó EUROSTAT ó 2019 ina léirítear go bhfuil beagnach duine as gach ceathrar páistí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcónaí agus go bhfuil leanaí níos mó i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ná an chuid eile den daonra laistigh den Aontas[2]; Á ADMHÁIL DI nach ndéantar aon ráiteas i dTuarascáil Speisialta CIE maidir le haon fhorbairt fhéideartha ar an gcás mar a bhaineann sé le COVID;

3. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI cé go dtagann comhrac na bochtaineachta leanaí faoi inniúlacht na mBallstáit go príomha, go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCoimisiún maidir le tacú le hiarrachtaí na mBallstát bochtaineacht leanaí a mhaolú, agus gur dhírigh CIE ar an mbochtaineacht sin ina tuarascáil;

4. Á MHEABHRÚ DI prionsabal 11 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ina luaitear cearta leanaí maidir le hoideachas agus cúram luath-óige inacmhainne ar ardchaighdeán chomh maith leis an gceart chun cosaint a fháil ar an mbochtaineacht;

5. Á ADMHÁIL DI sa chomhthéacs sin na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún leis an Moladh uaidh an 20 Feabhra 2013 *Investing in children: breaking the cycle of disadvantage* [Infheistíocht a dhéanamh i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh] agus faoi chuimsiú Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

---

[1] https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR20_20/SR_child_poverty_EN.pdf

[2] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Children_at_risk_of_poverty_or_social_exclusion#Children_growing_up_in_poverty_and_social_exclusion

6. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go n-iarrann CIE ar an gCoimisiún torthaí agus moltaí Thuarascáil Speisialta CIE a chur san áireamh i ndearadh agus i gcur chun feidhme an tionscnaimh beartais atá le teacht maidir le Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí;

7. Á AITHINT DI acmhainneacht chistí an Aontais, go háirithe Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na bochtaineachta leanaí, i gcás inarb ábhartha;

8. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI na ceithre mholadh deiridh ó CIE:

   (1) Ba cheart go n-áireodh an Coimisiún gníomhaíochtaí agus cuspóirí chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí ina phlean gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;

   (2) Ba cheart treoir inmheánach shoiléir a bheith ag an gCoimisiún maidir le cásanna a shainaithint a bhféadfadh moladh tírshonrach ionchasach (CSR) a bhaineann go díreach le bochtaineacht leanaí a bheith mar thoradh orthu mar chuid dá n-anailís laistigh de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh;

   (3) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtugtar aird leordhóthanach ar bhochtaineacht leanaí sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta (PAnna) agus sna Cláir don tréimhse 2021-2027. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún a áirithiú, i gcás ina bhfuil cistiú curtha i leataobh chun dul i ngleic go díreach léi bochtaineacht leanaí, go mbeidh sé sin léirithe go soiléir i loighic idirghabhála na PAnna agus na gClár;

   (4) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfaí faisnéis leordhóthanach iontaofa maidir leis na bearta agus an cistiú is gá chun tionchar dearfach a bheith acu ar leibhéal na bochtaineachta leanaí san Aontas a thiomsú agus a anailísiú chun Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí a fhorbairt;

9. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go ndearnadh an moladh ó CIE maidir le Próiseas an tSeimeastair Eorpaigh roimh an bhfógra ón gCoimisiún a rinneadh sa Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe 2021[3], nach mbeidh aon ghá ann CSRanna a mholadh in 2021 do na Ballstáit sin a bheidh tar éis a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh, ach go leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme athchóirithe bunaithe ar CSRanna na mblianta roimhe sin;

[3] Féach 10887/20.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i bhfianaise na moltaí sa Tuarascáil Speisialta, gníomhaíochtaí agus cuspóirí a áireamh chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí ina thionscnaimh amach anseo, *inter alia* faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh;

11. Anuas air sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar chun críche na céimeanna agus an bailiú faisnéise is gá chun an tionscnamh beartais atá le teacht maidir le Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí a ullmhú;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt don fhoghlaim fhrithpháirteach agus do mhalartú an dea-chleachtais i measc na mBallstát, lena n-áirítear tríd an SPC, agus treoir a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, maidir leis an mbealach chun nasc a bhunú le Cistí SIE;

13. IARRANN SÍ ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) leanúint – faoi chuimsiú a chúraim atá bunaithe ar na Conarthaí chun faireachán a dhéanamh ar an staid shóisialta agus ar bheartais cosanta sóisialta a fhorbairt sna Ballstáit agus san Aontas – lena chuid oibre maidir leis an mbochtaineacht agus maidir le táscairí "i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta" (AROPE) agus, nuair is ábhartha, "táscaire nua maidir le díth ábhartha atá sonrach do leanaí".